AIBHNEACHA AGUS LOCHA

Cuireann uiscí intíre na hÉireann an-chuid gnáthóga fiadhúlra ar fáil - ó shrutháin sléibhe lán de charraigeacha go haibhneacha agus locha na hísealtíre. Bíonn tionchar ag doimhneacht, luas, teas agus ceimicí an uisce ar éagsúlacht flóra agus fána na n-aibhneacha.

De réir mar a thiteann báisteach ar na cnoic, gluaiseann srutháin bheaga ardtailte ina gcaisí tapa le fána. Is beag planda nó ainmhí atá in ann na cláideacha seo a sheasamh ach amháin cineálacha crua caonaigh agus bric bheaga dhonna.

Tagann moill ar na srutháin de réir mar a éiríonn an fána níos boige go dtí go dtosaíonn siad ag lúbadh go mall, rud a chruthaíonn gnáthóga éagsúla sruthán. Sceitheann bradáin agus bric i locháin éadoimhne tapa in aibhneacha. Nuair a thagann na cinn óga amach cothaíonn siad iad féin sa ghairbhéil. Seasann cora éisc mar dhealbha ar imeall an uisce agus iad ullamh le breith ar éisc nó eascanna. Nuair a bhíonn na bradáin agus na bric bliain d'aois gluaiseann siad go háiteanna níos moille sna haibhneacha. Téann siad i bhfolach faoi bholgáin agus choipeadh cúir agus itheann siad cibé rud a bheireann an sruth chucu. Tumann gaibhne dubha isteach sna linnte agus scinneann siad leo thar ghrinneall na habhann ag ithe inveirteabrach uisce. Cuireann craobhacha tite gnáthóga ar fáil le haghaidh iasc agus feithidí uisce.

Éiríonn an abhainn níos moille agus níos leithne de réir mar a thagann sí níos gaire don fharraige agus go minic tacaíonn sí le bogaigh taobh lena bruacha. Síneann insí siar ó dhá thaobh na habhann. Daingníonn na féara, luibheanna, toim agus crainn atá iontu na bruacha agus siad scáth agus dídean ar fáil. Soláthraíonn duilleoga a thiteann isteach san uisce bia d'fheithidí agus itheann éin agus éisc iad sin.

Is ar a imill éadoimhne a fhaightear an bithéagsúlacht is mó i loch. Bíonn a fréamhacha sa ghrinneall ag plandaí mar bhual-lilí agus ghiolcacha ach fásann siad aníos os cionn dromchla an uisce. Bíonn a neadacha ag lachain ina measc agus is ann a lorgaíonn ealaí bia dóibh féin. Maireann larbhaí feithidí sa ghairbhéil nó sa láib ar an ngrinneall agus sceitheann éisc ansin freisin. Bíonn cruidíní ag faire go géar ar stumpaí crann atá ag gobadh aníos ón uisce agus scinneann siad síos ansin le breith ar éisc óga.

Má bhíonn solas go leor le fáil in uisce níos doimhne is féidir le plandaí atá báite go hiomlán fás ann. Is é seo an ghnáthóg is mó a bhíonn ag éisc fásta. Nuair is beag solas nó solas ar bith a scallann ar an ngrinneall i lár loch domhain is algaí uisce-iompartha an t-aon fhásra a bhíonn ann. Bíonn foscadh ag éisc sa domhain dorcha seo ó chreachadóirí mar an gcailleach dhubh agus an dobharchú. Bíonn an t-iasc gann, an ruabhreac Artach, le fáil i locha doimhne glé sléibhe.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Is iad truailliú ó chothaithigh, siolta agus cheimicí tocsaineacha mar aon le díghrádú fisiceach struchtúr an uisce na bagairtí is mó atá ar ghnáthóga fionnuisce. Is iad fosfáití agus níotráití i leasacháin, sciodar feirme, glantaigh baile agus séarachas ó dhaoine nach ndearnadh cóireáil go leor air na cothaithigh is mó. Feidhmíonn siad mar leasacháin san uisce agus cothaíonn siad rófhás algaí. Ídíonn an fás borb seo ocsaigin an uisce trí phróiseas ar a dtugtar eotrófú.

Is féidir le ceimicí tocsaineacha ó phróisis thionsclaíocha, luibhicídí agus leasacháin ó thalmhaíocht agus fhoraoiseacht mar aon le hearraí marfacha an-choitianta mar cadhnraí, péinteanna, cógais agus ábhair ghlantacháin an-dochar a dhéanamh d'fhiadhúlra fionnuisce.

Is é an siolta ó dhéanamh bóithre agus ó thógáil foirgneamh, ó lomghearradh foraoiseachta agus ó chairéalú an t-ábhar truaillithe is forleithne i bhfionnuisce.

Cuireann canálú draenacha díreacha in áit na lúb sin a mbíodh a lán speicis iontu. Nuair a thógtar dambaí agus coraí ar mhaithe le hidreachumacht cuireann siad as don hidreolaíocht aiceanta agus is baic iad ar imirce iasc.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Mar sin cuir tuiscint faoi chúrsaí uisce chun cinn i do theaghlach agus do phobal. Déan dearmad ar fhosfáití agus ar ábhair thuartha sa bhaile agus bain leas as ábhair ghlantacháin nach ndéanann dochar don chomhshaol. Breathnaigh ar do leithreas, dhoirteal agus chithfholcadh amhail is dá mba fo-aibhneacha ár locha agus ár n-aibhneacha iad. Ní mór glacadh leis go ngineann aon táirge baile dramhaíl tocsaineach má tá 'guais', 'nimh' nó 'greannach' scríofa ar an lipéad. Ná doirt nimheanna síos an draein! Bíodh gairdín agat nach mbíonn mórchuid oibre nó uisce ag teastáil ann, agus ná bíodh sé pábháilte mar chuirfeadh sé sin le rith chun srutha an bhaile le linn múrtha móra báistí. Seachain luibhicídí, lotnaidicídí agus leasacháin tacair - faigh bealaí nádúrtha le bheith ag garraíodóireacht.

TUILLEADH EOLAIS

- Creat-treoir Uisce an AE in Éirinn: *www.wfdireland.ie*
- Faire bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta: *www.biology.ie*
- Acmhainní um oideachas uiscí ó Iontaobhas Bradán Abha Chom Sheola : *www.streamscapes.ie*
- Líonra Uisce Inbhuanaithe: *www.swanireland.ie*
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: *www.epa.ie*
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*